**Scoil An Charra**
**Bhí an plean seo daingnithe ag an mBord Bainistíochta __________**

# Plean Scoile

# Gaeilge

***Plean Gaeilge An Charra***

- **Réamhráiteas**

**(a)**

Cuireadh an plean seo le chéile le linn na scoilbhliana 2018/19. Bríd Ní Áinle a chur comheagar agus comhordú ar an bplean. Bhí an fhoireann ar fad páirteach sa phróiseas. Thug comhairleoir PDST sa Ghaeilge tacaíocht don bhfoireann le linn na bliana. Tá an Ghaeilge tábhatacht mar ábhar scoile. Teanga bheo cumarsáide í an Ghaeilge. Mhúin beirt ar an bhfoireann sa Ghaeltacht. Tá gach múinteoir toilteanach cabhair a thabhairt don bhfoireann go léir. Sa scoil tá níos mó ná 25 oide. Tá ranganna aonaracha sa scoil. Tá paistí le éagsúlacht cumais agus paistí ó chultúrtha eile againn freisin. Athbhreithniú atá anseo ar Phlean na Bliana 2009 a cuireadh in eagar ag Bríd Ní Áinle agus Yvonne Ní Luineacháin (RIP). Le linn na bliana 2016/17 agus 2017/18, d'fhreastalíomar mar fhoireann scoile ar an lá traenála maidir leis an Curaclam Teanga na Bunscoile. Tá plé á dhéanamh againn maidir leis an gCuraclam Nua agus tá iarrachtaí á dhéanamh againn maidir le conas é a chur i bhfeidhm ó Naíonáin Shóiséaracha suas go dtí Rang a Dó.

- Bunchúiseanna:

Tá gá leis an bplean seo:

- chun fís soileir a bheith againn don Ghaeilge in ár scoil
- chun a bheith cinnte go bhfuil leanúnachas againn on gcéad lá a thagann naíonán ar scoil go dtí an lá a fhágann sé/sí an scoil
- chun go mbeidh tuiscint soiléir ag gach múinteoir ar na h'aidhmeanna atá againn don Ghaeilge
- chun a bheith cinnte go bhfuil an Curaclam a chur i bhfeidhm go héifeachtach sa scoil
- chun Cur Chuige Cumarsáideach a chur i bhfeidhm sa scoil

- **Fís agus Aidhmeanna**

**(a) Fís**

Tá an scoil seo suite i sráidbhaile tuaithe lasmuigh de Nás na Rí. Tá fás ollmhór tagtha ar an scoil le blianta beaga anuas. Lasmuigh den scoil níl morán Gaeilge. Sa scoil agus sa cheantar tá an- béim ar chluichí gaelacha. Spreagtar an feasacht cultúr seo mar go dtuigeann foireann na scoile go bhfuil an teanga agus cultúr fite fuaite le chéile.

Is é an fís atá againn sa scoil seo don Ghaeilge ná go bhfoghlaimeoidh na páistí an Ghaeilge go héifeachtach agus le taitneamh agus mar thoradh ar seo go mbeidh siad ábálta an Ghaeilge a úsáid go cumarsáideach mar theanga.Tá sé mar sprioc againn go gcloisfear na muinteóirí go minic ag caint i nGaeilge mar ghnáth theanga chumarsáide agus sa tslí seo go spreagfaí na páistí chun an Ghaeilge a labhairt go neamhfhoirmiúil .

**(b) Aidhmeanna:**

Is iad na príomh aidhmeanna atá againn don Ghaeilge sa scoil seo ná:

- go mbainfidh na paistí amach caighdeán árd labhartha, léitheóireachta agus scríbhneóireachta roimh deireadh a mbunoideachais
- an teanga ó bhéal, léitheóireacht agus scriobhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite
- go gcuirfi ar chumas na páistí eolas a chur ar chultúir na tíre trí foghlaim na Gaeilge
- go mbeidh meas ag na leanaí ar an nGaeilge agus dearcadh dearfach acu ina leith
- go mbeidh fonn orthú a gcuid Gaeilge a úsáid agus a chur chun cinn
- go gcuirfimid leis na háiseanna sa scoil go rialta chun freastal ar riachtanaisí teanga na bpáistí.
- go dtabharfaidh an fhoireann teagaisc tacaíocht dá chéile chun a gcuid Gaeilge féin a chur chun cinn agus taitneamh a bhaint as an bproiséas

- **Ábhar an Phlean**

1. **Curaclam na Gaeilge**

**_1.1 Cur Chuige Cumarsáideach:_**

Tuigimid mar fhoireann scoile gur ar chumarsáid a leagtar béim sa churaclam. Dár linn, is iad príomhghnéithe an cur chuige cumarsáideach ná diriú ar riachtanaisí teanga na bpáistí agus a chinntiú go bhfuil baint ag na topaicí/teanga atá roghnaithe le saol an pháiste. Sa chaoi seo is feidir leis an bpáiste a bheith gníomhach san fhoghlaim. Beidh sé/í in ann na feidhmeanna teanga a úsáid, mar shampla slán a fhágáil, ceist a chur, freagra a thabhairt srl. Mar sin tá cumarsáid mar sprioc le gach ceacht Gaeilge agus na ceithre snaitheanna a bheith comhtháite lena chéile a oiread agus is féidir
Sa structúr don cheacht, roinntear é ar thrí thréimhse:

- An tréimhse réamhchumarsaide
- An tréimhse cumarsáide
- An tréimhse iarchumarsáide

Ba chóir béim a leagadh ar fhoghlaim foclóra agus gramadaí sa *tréimhse réamhchumarsáide,* ar úsáid an teanga sa *tréimhse cumarsáide* (comhrá, rólghlacadh, cluichí teanga & rl) agus ar dhaingniú agus ar thraschur na scileanna/eolas sa *tréimhse iarchumarsáide*

### 1.2 Feidhmeanna Teanga:

Is é an tuiscint atá ag  foireann na scoile ar feidhmeanna teanga ná úsáid na teanga chun cuspóir cumarsáide a chómhlíonadh. Sa scoil seo beidh liosta d'eisleamáirí na bhfeidhmeanna teanga le feiscint i ngach seomra ranga. Seo é an gréile samplach ( féach Aguisin 1). Táimid chun an gréile seo a úsáid mar thacaíocht/treoir don bhfoghlaim agus don teagaisc sa scoil seo. Is féidir linn na h'éisleamláirí a chur in oiriúint don chleachtas ranga/scoile seo, do na riachtanaisí teanga, do suimeanna agus do chúlraí na bpáistí agus sa tslí seo is féidir a chinntiú go bhfuil forbairt agus leanúnachas sa scoil. Is féidir cur leis an liosta seo nuair atá nathanna á fhoghlaim sna ceachtanna bunaithe ar na teamaí agus na feidhmeanna teanga atá foghlamtha, forbartha agus in úsáid go cumarsáideach ag páistí a mharcáil. Leanfaidh an liosta céanna na páistí ó rang go rang de réir mar a théann siad tríd an scoil. Is mían linn go mbeidh na paistí in ann an Ghaeilge atá acu a úsáid chun labhairt, léamh agus scríobh faoi topaicí a bhfuil spéis acú féin iontu ar bhealach nádúrtha cumarsáideach. Bíonn an múinteoir ag cur na feidhmeanna seo san áireamh nuair a bhíonn sé/sí ag ullmhú ceachta, agus úsáideann sé/sí na heiseamláirí teanga go neamhfhoirmiúil i rith an lae chun iad a shuíomh i gcomhthéacs réalaíoch an tseomra ranga agus chun iad a dhaingniú. Seo a leanas na catagóirí feidhmeanna teanga a bheidh i gceist:

- Réiteach le daoine eile
- Dul i bhfeidhm ar iompar, ar mhothúcháin agus ar dhearcadh daoine eile
- Rudaí a chur i gcrích
- Feiniúlach agus mothúcháin phearsanta a chur in iúl
- Faisnéis a thabhairt
- An timpeallacht shóisialta agus fhisciúil a fhiosrú agus foghlaim fúithi
- Teanga samhlaíoch a chruthú – scéalta, cluichí, domhain nua, téacsanna nua

***1.3 Snáitheanna an Churaclaim:***

**<u>An Teanga Ó Bhéal:</u>**

***(a) Éisteacht***

Tuigimid sa scoil seo go bhfuil an-thabhacht ag baint le h'éisteacht i sealbhu na teanga. Tá na páistí ag éisteacht leis an teanga go neamhfhoirmiuil m.sh sa rang nuair atá an múinteoir ag bainistiú ranga. Cloiseann siad an Ghaeilge chomh maith nuair atá na múinteóirí i mbun cumarsáide sa rang agus i dtimpeallacht na scoile. Tá sé fíorthábhachtach an teanga a úsáid go neamhfhoirmiuil i gnath cúrsaí an lae chun an Ghaeilge a chur chun cinn.Cuirtear béim ar scil na h'éisteachta i rith an cheachta chomh maith – éisteacht go foirmiúil.Tá samplaí d'aidhmeanna chomh maith le gníomhaíochtaí agus tascanna éisteachta do ranganna faoi leith in Aguisín 2.

***(b) Labhairt***

Tá béim sa scoil seo ar labhairt na Gaeilge. Ba mhaith linn go mbeidh na páistí in ann labhairt go simplí faoi na topaicí a bhfuil spéis acu iontu agus go mbeidh siad in ann caidreamh bunúsach sóisialta a dhéanamh. Tugann an fhoireann deiseanna foghlama do pháistí ionas go mbeidh siad in ann cumarsáid labhartha a dhéanamh go rialta chun an teanga a fhorbairt. Chun an aidhm seo a bhaint amach spreagfaimid na páistí chun labhairt i nGaeilge go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae agus chun labhairt go foirmiúil nuair atá rang ar siúl. Tá samplaí d'aidhmeanna chomh maith le gníomhaíochtaí agus tascanna éisteachta do ranganna faoi leith in Aguisín 3.

***Léitheóireacht***

Tosaíonn clár ullmhúcháin don litreacht i ranganna na naíonan le rainn,cluichí teanga, amhráin agus pictiúrleabhair, scéalta, na leabhair mhóra, teanga bhainistíochta ranga agus eile. Cuirtear le seo i Rang 1 agus 2 le prionta sa timpeallacht agus léitheoireacht idirghníomhach Tárlaíonn tús na léitheóireachta go h'oifigiúil i Rang 2. Um an dtaca seo, tá

fothscileanna na léitheóireachta sa Bhéarla sealbhaithe ag na páistí. Níl ach traschur na scileanna i gceist ansin nuair a thosaíonn siad ar léitheoireacht na Gaeilge.Tugann an léitheóireacht eolas, pléisiúir agus taitneamh don léitheóir, mar sin, chomh maith leis na leabhair léitheóireachta ranga beimid ag cuir leis na leabhair sa leabharlann go rialta agus beidh leabhair spéisiúla agus oiriúnacha do na ranganna go léir á lorg again chun éagsúlacht téacs agus genre a sholáthar do pháistí. Tuigimid go bhfuil bainistiú na léitheoireachta lárnach sa phróiseas chomh maith. Ba mhaith linn deiseanna léitheoireachta éagsúla a sholáthar sa scoil seo, mar shampla – léitheoireacht faoi stiúir, léitheoireacht pháirteacht, léitheoireacht roinnte, léitheoireacht aonair, taoiléitheoireacht, tionscnaimh léitheoireachta ilrangach. Tá samplaí d'aidhmeanna chomh maith le modhanna atá in úsáid againn chun an léitheóireacht a fhorbairt in Aguisín 4

***Scríbhneóireacht***

Tárlaíonn tús na scríbhneóireachta ofigiúil i rang 2 le cóipeáil frásaí agus abairtí bunaithe ar na téamaí &rl. Téann an scríbhneóireacht chun cinn le tascanna scríbhneóireachta m.sh. ailt bunaithe ar nuacht pearsanta. Tá níos mó samplaí tugtha de scríbneóireacht ag na leibhéil difríochta tríd an scoil in Aguisín 5 chomh maith le haidhmeanna na scríbhneoireachta .
Tuigeann muid go bhfuil gá le cleachtadh i scríbhneóireacht fheidhmiúil agus chruthaitheach agus go bhfuil cleachtadh agus taithí ag teastáil ó na páistí chun scil na scríbhneoireacht a fhorbairt go leanúnach comhsheasamhach sa scoil i proiséas na scríbhneóireachta. Tá gá le seo ionas go mbeidh siad ábalta feabhas a chur ar a n'iarrachtaí. Tosaíonn obair ar litriú go neamhfhoirmiúil i Rang 1 agus leanann sé ar aghaidh tríd an scoil. Ag an am chéanna tá clár foirmiúil don litriú a dhéanamh ag na ranganna ó Rang 3 suas. Tá an clár seo bunaithe ar an léitheóireacht agus riachtanaisí teanga na bpáistí. Tá an ghramadach á fhoghlaim de réir a chéile agus nascaithe leis na hacmhainní/teanga atá in úsáid.Bíonn béim ar úsáid agus cumarsáid i gconaí i bhfoghlaim na gramadaí.

### *1.4 Comhtháthú na Snáitheanna:*

Sa scoil seo cuirtear béim ar éisteacht agus labhairt mar bhunús don litearacht. Déanfaimid iarracht éisteacht / labhairt / léitheóireacht agus

scríbhneóireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite. Is féidir é sin a dhéanamh trí na gníomhaíochtaí atá luaite faoi na snáitheanna san ábhar teagaisc.

### *1.5 Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte:*

Féach thíos na téamaí:
*Mé Féin,Sa Bhaile,An Scoil, Bia, An Teilifís, Siopadóireacht, Caitheamh Aimsire, Eadaí, An Aimsir, Ócáidí Speisíalta*

Táimid chun fó-théamaí bunaithe ar shaol na bpáistí agus topaicí a bhfuil spéis acu iontu a roghnú faoi na deich dtéamaí. Beidh módhanna múinte in úsáid a fheileann don téama agus don rang faoi leith agus beidh éagsúlacht sna fó-théamaí i ngach rang. Tá sé mar aidhm againn go mbainfear úsáid as na heiseamláirí atá roghnaithe, múinte agus cleachtaithe nuair atá baint acu le téama nó fo-théama faoi leith.

Is iad na sé modhanna is éifeachtaí a úsáidtear ná:

- An modh díreach
- Modh na sraithe
- Modh na lánfhreagartha gníomhaí
- An modh closabhartha
- An modh closamhairc
- Modh na ráite

Is iad seo leanas na stráitéisí is coitianta a úsáidtear:

- Agallaimh mar ionchur d'imirt i rólanna
- Cluichí teanga
- Tascanna agus fadhbanna
- Druileanna
- Dramaíocht
- Fiseáin
- Scéalaíocht
- Dánta
- Amhráin
- Seanfhocail

- Plé
- Díospóireacht

### *1.6 Gaeilge Neamhfhoirmiúil – úsáid na Gaeilge i rith an lae:*

Sa scoil seo úsáidtear an Ghaeilge  chomh minic agus is féidir  i rith an lae. Cloisfidh na leanaí an Ghaeilge in úsáid go neamhfhoirmiúil mar ghnath theanga cumarsáide. Úsáidtear an Ghaeilge  sa rang go rialta ag amanna faoi leith m.sh. am rolla, am lóin, ag tús an lae, am dul abhaile, i gcomhair teachtaireachtaí. Féach Aguisín 6.Chomh minic agus is féidir beidh bainistiú ranga i nGaeilge. Uair sa mhí beidh 'Lá na Gaeilge'againn, beidh béim spéisialta ar labhairt na Gaeilge i dtimpeallacht a scoile ar an lá sin. Feicfidh na páistí  prionta sa timpeallacht i bhfógraí agus cómharthaí. Beidh 'Nath na Seachtaine' le feiscint  go soiléir ar bhord na bhfógraí.Tá samplaí de na frásaí seo in Aguisín 7. Gach bliain déantar Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh i mí Márta agus bíonn ceol choirm, tráth na gceist, drámaíocht agus comhortas filíochta ar siúl. An Aguisín deirneach(Seachtain na Gaeilge).

1.7 T.E.C.
Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Is féidir teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid i múineadh agus i bhfoghlaim na Gaeilge. Tá cleachtadh ag páistí ar an ríomhaire agus is féidir leo an áis seo a úsáid chun cluichí a imirt nó chun teacht ar eolas.Tá súiomhanna idirlín Ghaeilge ar féidir le múinteoirí agus páistí eolas a fháil uathu. Is saoráid fhiúntach é an ríomhaire pearsanta i bpróiseas na scríbhneoireachta. Is féidir é a úsáid mar áis chun píosa scríbhneoireachta a chur in eagaragus a leagan amach go slachtmhar. Tá cláracha bána idirghníomhacha ins na seomraí rangaagus úsáidtear iad i múineadh na teanga. Bíonn múinteoirí i gconaí ag iarraidh TEC  a úsáid agus a fhorbairt chun an teanga a chur chun cinn.

## 2. Pleanáil Eagraíochta

### 2.1 Pleanáil an Mhúinteora:

Déanann gach múinteoir ranga pleanáil fhadtéarmach agus pleanáil ghearrtéarmach bunaithe ar Curaclam na Bunscoile don Ghaeilge agus ar an bplean seo. Ag deireadh gach mí déanann gach múinteoir cúntús ar an nGaeilge atá múinte agus foghlama ag páistí le linn na míosa. Déanann na múinteoirí an pleanáil seo.

- *Pleanáil fhadtearmacha… … …*Plean Bliana
- *Pleanáil ghearrthearmacha… … …*Scéim Coicíse

### 2.2 Áiseanna:

Go hiondúil bíonn leabhar ag an múinteoir agus leabhar ag na páistí, comh maith le dlúthcheirnín, le scéalta, amhráin agus dánta taifeadta. Is fiú go mór úsáid a bhaint as áiseanna comhaimseartha chun go mbeidh éagsúlacht sa cheacht agus chun aire na bpáistí a choinneáil. Tá an chuid is mó de na háiseanna atá againn á gcoimead i ngach seomra ranga. Tá liostaí de na háiseanna faoi leith  in Aguisín8.Ta súil againn cuir leis na háiseanna seo agus an leabharlann a fhorbairt go rialta. Úsáidtear Aguisín 9 mar uirlis nuair atá áiseanna nua á cheannach.

### 2.3 Éagsúlacht Cumais:

Sa scoil seo déanfar iarracht freastal ar éagsulacht cumais na bpáisti trí módhanna múinte, stráitéisí éagsúla agus achmhainní difriúla a úsáid. Tá páistí sa scoil le dioluaine ón nGaeilge. Tá breis eolais faoi polasaí na scoile ina leith seo le fail ón bpolaisí "Irish Exemptions"/ Dioluaine ón nGaeilge.

### 2.4 Comhtháthú le hÁbhair eile:

Déanfaimid iarracht roinnt Gaeilge a usaid chomh minic agus is féidir in ábhair dhifriúla sa scoil i rith na bliana, beidh saoirse ag muinteoiri a rogha fein a dheanamh m.sh. d'fhéadfadh le múinteoir rang Ealaíon nó Corp Oideachais a dhéanamh trí Ghaeilge, nó cuid den rang sin. Tá frásaí a bhaineann le cluichí in  Aguisín 10.

m.sh. Cluichí Clois (youtube)

### *2.5 Measúnú:*

Is cuid lárnach den proiséas teagaisc agus foghlama na Gaeilge an measúnú. Measúnú ar na scileanna cumarsáide: an teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht atá i gceist. Déanfar measúnú ar an dteanga ó bhéal go háirithe mar is í an snáith is tabhactaí sa churaclam seo.

Seo iad na huirlisí atá in úsáid againn:

- Liosta na bhfeidhmeanna teanga
- Dirbhreathnu an mhuinteora
- Tascanna agus trialacha deartha ag an muinteoir
- Bailiúchán d'obair an pháiste
- Tionscnaimh Oibre na bpáistí
- Trialacha Caighdeánaithe

### *2.6 Obair Bhaile*

Tugann na múinteoirí obair bhaile simplí sodhéanta ag na páistí ó bhéal do i Rang Naíonáin Shóiséaracha ar aghaidh agus mar obair scríofa i Rang 3 ar aghaidh. Faigheann na paistí obair scríofa uair amhain sa seachtain. Bíonn an obair bhaile bunaithe ar an méid atá ar siúl sa rang. Tugtar obair bhaile sa Ghaeilge chun:

- Obair an ranga i nGaeilge a neartú
- Chun imeachtaí an ranga agus dul chun cinn sa Ghaeilge a chur in íul do na tuismitheoirí
- Chun an ceangail idir scoil ahus baile a fhorbairt
- Chun measunú a dheanamh

### *2.7 Forbairt Foirne:*

Baineann an scoil leas as tacaíocht ó chomhairleoir Gaeilge ón PDST chun tacaíocht a thabhairt do na múinteoirí curaclam Gaeilge na scoile a

fhorbairt. Úsáideann an fhoireann scoile uaireanta a chloig Pháirc an Chrócaigh, chun forbairt fóirne a chur chun cinn agus smaointe a roinnt chun cabhrú le chéile go gairmiúil. Úsaideann siad roinnt suiomhanna idirlín m.sh

- www. seomraranga.com
- www. tobair.ie
- www. scoilnet.ie
- www.pcsp. ie
- www. snag.ie
- www.seideansi.ie

### *2.8 Tuismitheoirí agus an Ghaeilge:*

Tá tábhacht thar cuimse ag baint le ról na dtuisnitheoirí chun cabhrú le hobair na scoile. Is féidir leo dearcadh dearfach don Ghaeilge a cothú sna páistí agus tacaíocht a thabhairt d'obair na scoile agus d'obair an ranga. Cabhróidh siad trí thacaíocht a thabhairt d'imeachtaí Gaeilge sa scoil chomh fada agus is féidir. Chomh maith le sin is féidir tacaíocht a thabhairt trí chabhrú leis an obair bhaile, agus trí Ghaeilge a chleachtadh ar ócáidí áirithe sa bhaile. Mura bhfuil muinín ag na tuismitheioirí as a gcuid Gaeilge féin cuideoidh an scoil a chur ina luí orthu cé chomh tábhachtach is atá dearcadh dearfach. Chuireamus frásaí simplí ar láithréan gréasáin na scoile do na tuismitheoirí. Rinneamar c.d de na frasaí simplí do tuismitheoirí na naoinaín freisin tá sé sin ar an láithréan gréasáin.

### *2.9 Comhionannas:*

Tugtar aitheantas do na páistí go leir agus tugtar deis do gach páiste a bheith paiteach in imeachtaí Gaeilge sa scoil, mar shampla, Seachtain na Gailge. I ngach rang, bíonn ocáidí dramaíochta comórtaisí trath na gceist agus bíonn seans as na páistí sna hard ranganna uirlisí ceol gaelachta a fhoghlaim más mian leo.

- **Critéir Rathúlachta** *(lena ndéanfar an polasaí a mheas)*

  - Aiseolas ó múinteoirí faoin méid Gaeilge atá in úsáid sa rang/sa scoil
  - Aiseolas ó na páistí faoina ndearcadh i leith na Gaeilge - (*Taitneamhach? Suimiúil? Éasca?...)*
  - Atmasféar Gaelach sa scoil - tá sé seo á neartú againn trí imeachtaí éagsúla a eagrú
  - Torthaí trialacha, m.sh. i litriú
  - Aiseolas ó thuismitheoirí

- **Cur i bhfeidhm**

  (a) **Rólanna agus freagracht:**

Rolanna: Beidh gach múinteoir freagrach as an bplean a chur i gcrích. Tá sé de dhualgas ag gach múinteoir scéim bliana agus ullumhúcháin gearr -thréimhseach a eagrú de réir na moltaí atá sa phleann iomlán agus de réir an cuid den curaclam a bhaineann lena rang féin.

  (b) **Spriocdhátaí leis an bplean a chur i bhfeidhm:MEÁN FÓMHAIR 2018**

- **Athbhreithniú**

  (a) **Rólanna agus freagracht:**

Pléifear dul chun cinn an phlean go minic. Beidh athbreithniu déanta ar an bplean seo go rialta, déanfar an chéad athbhreithniú foirmeálta eile le linn na scoilbhliana 2020/21.

- **Daingniú agus Cumarsáid**

Tugadh cóip don plean don mbord Bainístíochta agus tar éis iniúcadh a dhéanamh air bhí an plean faofa ag an mbórd.

Fuair ***Iníon Ní Luineachain*** *bas i Mí Meán Fomhair 2010*
*Bhi an bhá agus an ghrá aici don gcultur nGaeilge agus don Gaeilge. Ceann do na rudaí deiridh a rinne sí, ar son na scoile, sula bhfuar sí bás ná an Plean Scoile a chur le chéile leis an bhfoireann. Dá bharr seo, chuir a fear céile agus a clann gradam le chéile do scríbhneoireacht na Gaeilge. Bronntar corn ar an bpaiste ó rang a sé a thagann sa chéad áit tugtar aitheantas don bpaiste don dara agus don triú áit. Chomh maith leis sin tugtar aitheantas don pháiste a rinne an dul chun cinn is mó sa Ghaeilge.*